

NUACHTLITIR EALAÍN NA GAELTACHTA



Fáilte chuig Nuachtlitir míosúil Ealaín na Gaeltachta

Nuacht

LE CHÉILE TRÍ CHULTÚR

Is ócáid ollmhór bhliantúil í an Oíche Chultúir a thugann ardán do shaol cultúrtha na tíre seo. Léiríonn sé íomhá chumhachtach láidir den dea-thionchar a bhíonn ag imeachtaí cultúrtha ar an tsochaí. Tá lúcháir orainn imeachtaí Gaeltachta a chur i láthair arís i mbliana le himeachtaí eagraithe ar fud na Gaeltachta, beo agus ar line. Beidh scannán cruthaitheach ag dul amach ar TG4 ar an oíche, ina léirítear roinnt den obair nuálach atá ar bun ag ealaíontóirí éagsúla sna ceantair

Ghaeltachta.

Tá lúcháir orainn go bhfuil Pól Ó Ceannabháin mar Ambasadóir na Gaeltachta don Oíche Chultúir i mbliana.

Beidh Pól linn ar Facebook ar an Oíche Chultúir chun ceiliúradh a dhéanamh ar an amhránaíocht ar an sean-nós agus an ceol traidisiúnta, i dteannta a chlann agus iad ag canadh agus ag ceol cois tine.

Coinnigí súil ar ár suíomh agus suíomh Oíche Chultúir le haghaidh na himeachtaí ar fad.



www.ealain.ie / www.culturenight.ie

Nuacht

Óró...

Is mórshaothar nua taibhealaíne é Óró... atá cruthaithe go speisialta do Gaillimh 2020 ag buíon ghairmiúil ealaíontóirí Gaeltachta agus idirnáisiúnta a bhíonn ag saothrú i mionteangacha ar fud na hEorpa.

Scéal corraitheach faoi theacht aniar é Óró... a fhiosróidh féiniúlacht an duine sa saol nach gceadaítear teagmháil fhisiciúil a thuilleadh ann agus a insítear tríd an damhsa comh-aimseartha, an amharclannaíocht, an ceol, an fhilíocht agus na hamharc-ealaíona.

Léireofar Óró... in amharclann speisialta suíomhoiriúnaithe ar an gCeathrú Rua, an mhí seo, mí Mheán Fómhair agus beidh an léiriú clabhsúir ar Lá Eorpach na dTeangacha, Dé Sathairn an 26 Meán Fómhair 2020. De bharr fhairsinge an ionaid, cloífear leis na srianta agus treoirlínte a bhaineann leis an scaradh sóisialta go héifeachtach agus gan stró.

Ealaíontóirí | Comhpháirtithe

Tá liosta iomlán do na healaíontóirí atá páirteach agus ár gcomhpháirtithe le fail ar ár suíomh www.ealain.ie



Dátaí & Am |

Dé Luain 21 – Dé Sathairn 26 Meán Fómhair @ 20:00

Léirithe iarnóna:

Dé hAoine 25 & Dé Sathairn 26 @ 14:00

Is gá ticéad a bheith agat don léiriú seo agus moltar ticéid a chur in áirithe roimh ré. Ticéid le fáil anseo: www.eventbrite.ie

Ionad

Aonad 2, Páirc Ghnó na Ceathrún Rua, An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe.



Nuacht

Ceardlanna Ealaíona ar líne

Tá an t-ealaíontóir Deirdre Ní Bhraonáin i mbun ranganna agus tá an tríú ceardlann ealaíne beo ar **YouTube** anois!

Faigh amach cé mar is féidir crainn a tharraingt agus péinteanna uiscédhath a úsáid



Ensemble Mhúscraí

Tá Ceolfhoireann Traidisiúnta nua do dhaoine óga a sheoladh ag an tIonad Cultúrtha. Beidh Oisín Morrison mar Stiúrthóir Ceoil ar an Ensemble agus cuirfear gach rud i bhfeidhm laistigh de shrianta shlándála & sábháltachta Covid-19. Tá súil acu tús a chur le cleachtaithe ag deireadh Meán Fómhair. Is féidir iarrataisí a chur isteach anois más spéis leat a bheith mar bhall d'Ensemble Mhúscraí. An aois-ghrúpa ná 12-18 bliain.

Bí i dteagmháil le aoife@ionadculturtha.ie d'fhoirmeacha iarratais agus aon ceist eile maidir leis an dtogra.



Nuacht – Cuisle

Seisiúin Oiliúna: Sábháilteacht Ar Líne

Fógraíonn an clár Cuisle seisiúin oiliúna d'eagraíochtaí agus teagascóirí ag obair le daoine óga chun na healaíona dúchasacha, teanga bhunaithe a chur chun cinn.

Is cúrsa sábháilteacht ar líne é seo atá á eagrú i gcomhpháirtíocht le



Muintearas/Óige na Gaeltachta & Ealaín na Gaeltachta ar an:
4ú Meán Fómhair 2020 | 11.00 rn go dtí 12.30 i.n.

Is í an aidhm an chúrsa ná oideachas a chur ar chinnirí atá ag obair le daoine óga chun iad a chur ar an airdeall maidir leis na rioscaí agus dainséar a bhaineann leis an t-idirlíon agus na Meáin Shóisialta i dtaca léargas a fháil ar chibearbhulaíocht.

Má tá spéis agat sa chúrsa seo, líon isteach an fhoirm thíos agus seolfar nasc Zoom chugat ar ríomhphost. Tá líon an chúrsa teoranta do dhá dhuine dhéag.

Foirm clárúcháin: <https://www.surveymonkey.com/r/FX9JJPS>

Ranganna Cuisle i nGaeltacht Chonamara agus Árann



Beidh cuid de na ranganna sna healaíona dúchasacha ag tosú ar ais an tseachtain dar tús an **14ú Meán Fómhair**. Beidh an amchlár do na ranganna iar-scoile le fáil ar shuíomh www.ealain.ie/cuisle go luath.

Déan teagmháil linn ag ealain@udaras.ie nó 091-503176.

Nuacht

Ceardlanna, Altanna Eolais


Tá fáil mhaith ar imeachtaí ealaíona, ceardlanna agus achmhainní ar-líne i rith na hama seo.

Tá acmhainní agus eolas a scaipeadh go rialta ag Theatre Forum, An Chomhairle Ealaíon, NCFA, Minding Creative Minds. Tá na himeachtaí seo agus gach eolas fúthú le fáil thríd a gcuid leathanaigh Facebook nó an suíomh, déan cliceáil thíos.


- An Chomhairle Ealaíon



- NCFA



- Theatre Forum



- An Roinn



- Minding Creative Minds



-Na Coimisinéirí Ioncaim



Na hIonaid

Ag leanúint don treoir atá eisithe ag an Rialtas agus na húdaráis Sláinte Poiblí, tá na hIonaid Ealaíona Gaeltachta ag oscailt de réir a chéile. Tá go leor obair ar na bacáin acu sna hionaid féin agus ar líne – coinnigí súil ghearr ar a gcuid leathanaigh Facebook.

An tIonad Cultúrtha, Baile Mhúirne

Ceolchoirm Beo: Ye Vagabonds & Cormac Ó Beaglaoich – 20 Meán Fómhair 8.i.n.

Coimeád súil ar an leathanach facebook do eolas faoinOíche Chultúir agus faoi im eachtaí beo agus ar líne.



Amharclann Ghaoth Dobhair



An Gailearaí, Gaoth Dobhair




Áras Éanna, Inis Oírr



Ceolchoirmeacha beo ar-líne gach Déardaoin ar Facebook

Áras Inis Gluaire



Deiseanna

Scéimeanna Ealaín na Gaeltachta

Scéim Forbartha na nEalaíon 2020

Tacaíocht do Ealaíontóirí, Ghrúpaí & Eagrais Ealaíona:

Tá Scéim Forbartha na nEalaíon oscailte anois le maoiniú breise do thograí uailmhianacha agus shamhlaíocha a tharlóidh idir seo agus deireadh na bliana, laistigh de na srianta a bhaineann leis an víreas choróin. Is uasmhéid €15,000 atá ar fáil tríd an scéim. Tá critéir na scéime ar fáil anseo agus fáiltíonn áisitheoirí Ealaín na Gaeltachta roimh bhúr fhiosrúcháin.

Is ó Éire Ildánach atá maoiniú breise seo ag teacht.



Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017-2022



Tá réimse scéimeanna fógraithe ag an gComhairle Ealaíon agus ag Music Network faoi láthair chomh maith. Tuilleadh eolas faoi Deiseanna thíos. Fáilte romhaibh bheith i dteagmháil le áisitheoirí Ealaín na Gaeltachta chun tacú leat na hiarratais seo a dhéanamh.

Scéim Síol: (uasmhéid maoinithe €1,000).

Ba mhaith le hEalaín na Gaeltachta Teo. a mheabharrú d'ealaíontóirí agus do phobal na Gaeltachta go bhfuil Scéim Urraíochta Síol le buiséad sual le €1,000 oscailte seasta le linn an tréimhse dúshlánach seo.

Sonraí teagmháil thíos.

Scéim Nóta: (uasmhéid maoinithe €1,000).

Is scéim straitéiseach í NÓTA atá oscailte do ghrúpaí agus daoine aonarachas lasmuigh de chomhthéacs oideachais foirmeálta. Is ar mhaithe le breis deiseanna don óige sna healaíona dúchasacha a fhorbairt taobh amuigh de sholáthar clár agus ranganna an scéim seo.



Sula ndéanfar iarratas, moltar dul i dteagmháil leis an gComhordaitheoir sna hEalaíona Dúchasacha don Óige nó an Áisitheoir Ealaíona Réigiúnach i do cheantar. Tuilleadh Eolais: e.scahill@udaras.ie

Deiseanna Eile

An Chomhairle Ealaíon

Tá réimse deiseanna á fhógairt faoi láthair ag an Chomhairle Ealaíon chun tacú le healaíontóirí agus le heagrais ealaíona go ginearálta agus i gcomhthéacs áirithe Covid-19.

Nuachtlitir na Comhairle Ealaíon

Maoiniú atá ar fáil faoi láthair:



- Dámhachtain do Thionscadail: 10 Meán Fómhair 2020
- Dámhachtain Coimisiún: 17 Meán Fómhair 2020
- Maoiniú Comhpháirtíochta: 24 Meán Fómhair 2020
- Tacaíochtaí Léiriúcháin Chruthaithigh: 1 Deireadh Fómhair 2020
- Maoiniú Ionad: 22 Deireadh Fómhair 2020
- Dámhachtain le haghaidh Forbairt Ghairmiúil: Leanúnach
- Scéim Tacaíochta Forbartha Acmhainne: Leanúnach
- Scéim na scríbhneoirí: Leanúnach

Éigse Éireann

Deiseanna oiliúna, cúrsaí, comórtais, dámhachtainí, glaonna ar aighneachtaí, cónaitheachtaí agus deiseanna d'fhillí.

Tá gach eolas fúthu ar shuíomh Éigse Éireann.
www.poetryireland.ie



Create Éireann – Spriocdhátaí Athruithe

Scéim Ealaíontóir sa Phobal:

Babhta 2 – Athbhunaíodh maoiniú don Scéim Ealaíontóra sa Phobal, Spriocdháa: 28 Meán Fómhair 2020

Acmhainní agus eolas ar fáil chomh maith ar www.create.ie



Deiseanna Eile

Visual Artists Ireland

Tá deiseanna agus acmhainní forbartha le fáil ar shuíomh Visual Artists Ireland d'fhís ealaíontóirí agus is fiú chomh maith súil a choinneáil ar na cúrsaí agus na fóraim ar-líne a bhíonn á reáchtáil acu ó am go chéile.

Téigh chuig a suíomh: www.visualartists.ie

Music Network

Bí ar an eolas faoina gcuid ceolchoirmeacha, ceardlanna agus deiseanna do cheoltóirí.

Is deis é an Music Capital Scheme do cheoltóirí gairmiúla tacaíocht a fháil chun uirlisí costasacha a cheannach, agus do ghrúpaí cheoil pobail chun uirlisí agus trealamh a cheannach.

Beidh seisiún eolais ar líne ar siúl ar an 15 & 16 Meán Fómhair.

Spríocdháta: 13/10/2020
www.musicnetwork.ie



Dioplóma sa Chultúr Dúchais

Cúrsa Dioplóma páirtaimseartha de chuid Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, a mhúintear den chuid is mó ar an Idirlíon. Baineann ár gcuid foghlaimoirí sult as an gcúrsa seo a chlúdaíonn réimse leathan de chultúr, de thraidisiún, de dhúchas na hÉireann. Tapaigh do dheis agus buail faoi!



Public Art

Eolas ar dheiseanna coimisiúin faoin Scéim Céatadán don Ealaíon le n-aimsiú ar an suíomh www.publicart.ie

Ná deanaigí dearmad teagmháil a dhéanamh linn ag ealain@udaras.ie má tá aon bhlúirín eolais agaibh ar mhaith libh a fhógairt nó má tá aon chomhairle uait maidir le tionscnamh ealaíne a fhorbairt sa Ghaeltacht



Eolas Fúinn



Micheál Ó Fearraigh
Feidhmeannach Forbartha Ealaíona
r/p: m.fearraigh@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Muireann Ní Dhroighneáin
Áisitheoir Ealaíona Connacht/Laighean
r/p: m.nidhroighneain@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100



Rachel Holstead
Áisitheoir Ealaíona Mumhan
r/p: r.holstead@udaras.ie
t: +353 (0)66-9150100



Danielle Nic Pháidín
Áisitheoir Ealaíona Thír Chonaill
r/p: d.nicphaidin@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Elaine Scahill
Comhordaitheoir Clár na hEalaíona
Dúchasacha don Óige
r/p: e.scahill@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100



An Roinn
Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht



Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017-2022

